teg
teastaseorpach na gaeilge

Teastas Eorpach na Gaeilge

Bonnleibhéal 1 (A1)
Siollabas agus treoir d'iarrthóirí

Lárionad na Gaeilge, Taighde, Teagasc agus Tástáil
Ollscoil Mhá Nuad

Bonnleibhéal 1 (A1)

Siollabas agus treoir d'iarrthóirí

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Clár Lch

1. Aidhm 3
2. Eolas ginearálta 3
2.1 Labhairt agus cluastuiscint 3
2.2 Léamhthuiscint 4
2.3 Scríbhneoireacht 4
2.4 Sonraíochtaí teanga 5
Topaic 1: Ag bualadh le daoine 6
Topaic 2: Cúlra agus áit chónaithe 8
Topaic 3: An teaghlach 11
Topaic 4: An teach agus lóistín 14
Topaic 5: Caitheamh aimsire 17
Topaic 6: An saol laethúil 20
Topaic 7: Buanna agus scileanna 22
Topaic 8: Cúrsaí oibre 25
Topaic 9: Bia agus deoch 28
Topaic 10: Tinneas agus gortuithe 31
Topaic 11: Éadaí agus siopadóireacht 33
Topaic 12: Laethanta saoire agus taisteal 35
Topaic 13: Orduithe 38
Topaic 14: Ag déanamh socruithe 40
3. Treoir do Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1) 42
3.1 Treoir ghinearálta 42
3.2 An scrúdú cluastuisceana 43
3.3 An scrúdú léamhthuisceana 44
3.4 An scrúdú scríbhneoireachta 46
3.5 An scrúdú cainte 46

1. Aidhm

Is scrúdú inniúlachta Gaeilge atá i *Scrúdú Bhonnleibhéal 1(A1)*. Tá sé dírithe, den chuid is mó, ar fhoghlaimeoirí fásta in Éirinn nó thar lear atá ag freastal ar ranganna oíche nó ar chúrsaí eile Gaeilge. Tá sé oiriúnach chomh maith dóibh siúd atá i mbun staidéar príobháideach. Go bunúsach, is scrúdú é seo a fhreastalaíonn orthu siúd ar fad ar mhaith leo cruthúnas ar a gcumas sa teanga. Tá an tsonraíocht atá mar bhunús le *Scrúdú Bhonnleibhéal 1(A1)* bunaithe go ginearálta ar na tuairiscíní do leibhéal A1 den *Common European Framework of Reference for Languages* (2001). Meastar gur cheart d'iarrthóirí, nach ndearna staidéar ar an teanga roimhe seo, timpeall 80-100 uair an chloig a chaitheamh i mbun staidéir sula dtugann siad faoin scrúdú seo. Níl ceangal ar bith idir an scrúdú féin agus cúrsa teanga faoi leith. Níl *Scrúdú Bhonnleibhéal 1(A1)* oiriúnach do chainteoirí dúchais Gaeilge ná dóibh siúd a bhfuil aon cháilíocht acu sa Ghaeilge cheana féin. Sa cháipéis seo, gheobhaidh tú eolas maidir leis na nithe seo a leanas:

Siollabas do *Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)*
Treoir do *Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)*

2. Eolas ginearálta

Leagtar síos sa tsonraíocht seo an t-íosmhéid teanga atá riachtanach chun go mbeidh iarrthóirí in ann feidhmiú taobh istigh de raon teoranta ábhar. Tá fócas ar fheidhmeanna teanga faoi leith a bhaineann le topaicí éagsúla. Tugtar samplaí de na nathanna cainte a d'fhéadfadh a bheith in úsáid ag iarrthóirí agus iad i ngleic leis na feidhmeanna éagsúla. Lena chois sin, tugtar liostaí d'fhocail agus frásaí úsáideacha. Níl na liostaí sin cuimsitheach, áfach, agus meabhraítear d'iarrthóirí go gcaithfidh siad féin díriú ar thopaicí agus ar stól focal a bhfuil baint dhíreach acu lena gcuid réimsí spéise agus lena gcúinsí féin.

Tugtar léiriú thíos ar na rudaí is féidir le hiarrthóirí ag an leibhéal seo a dhéanamh sna scileanna éagsúla.

2.1 Labhairt agus cluastuiscint

Beidh iarrthóirí in ann focail aonaracha agus abairtí an-simplí a sholáthar agus iad páirteach i gcomhrá faoi thopaicí agus ábhair choitianta a bhaineann go dlúth lena ngnáthshaol féin. Mar shampla, beidh siad in ann cur síos an-bhunúsach a dhéanamh orthu féin, an áit a bhfuil cónaí orthu, an obair a dhéanann siad agus na rudaí a dhéanann siad ar bhonn laethúil. Beidh siad in ann ceisteanna bunúsacha a chur. Beidh siad ag brath cuid mhór ar abairtí atá curtha de ghlanmheabhair acu ach beidh siad in ann úsáid a bhaint as straitéisí oiriúnacha le cabhrú leo ina gcuid iarrachtaí cumarsáid a dhéanamh. Mar shampla,

- *Tá brón orm.*
- *Ní thuigim sin.*

- *Gabh mo leithscéal, ach ní thuigim sin.*
- *Arís, le do thoil*
- *An bhféadfá labhairt níos moille, le do thoil?*

Ba chóir go dtuigfeadh iarrthóirí caint shimplí atá mall agus an-soiléir chomh fada agus a bhaineann an topaic le hábhair de chuid an ghnáthshaoil. Beidh siad ag brath cuid mhór ar dhaoine eile cabhrú leo ina gcuid iarrachtaí le cumarsáid a dhéanamh.

Beidh iarrthóirí in ann a rogha canúint a úsáid cé go nglactar leis, ag an leibhéal seo, nach mbeidh siad leanúnach maidir le húsáid canúint faoi leith. Sa tsonraíocht seo, tugtar samplaí de nathanna tábhachtacha sna mórchanúintí, mar shampla, an chaoi le beannú do dhuine: *Cad é mar atá tú?*, *Cén chaoi a bhfuil tú?* agus *Conas tá tú?* Bheifí ag súil leis ag an leibhéal seo go mbeadh iarrthóirí in ann leagan amháin acu seo a úsáid gan stró agus go dtuigfidís an dá cheann eile. Mar an gcéanna le gnéithe eile den stór focal (mar shampla *druid/dún*) agus den ghramadach (mar shampla *ar an bhóthar/ar an mbóthar*). Is leor ag an leibhéal seo go mbeadh iarrthóirí in ann leagan amháin a úsáid mar is ceart agus na leaganacha eile a thuiscint.

2.2 Léamhthuiscint

Tuigfidh na hiarrthóirí eolas atá curtha i láthair go díreach i dtéacsanna atá an-simplí agus an-ghearr chomh fada agus a bhaineann na téacsanna sin go dlúth leis an ghnáthshaol. Is ar bhonn frása ar fhrása a bhainfidh siad ciall as an téacs, ag aimsiú ainmneacha, focal agus bunfhrásaí aitheanta. Beidh orthu an téacs a athléamh de réir mar is gá.

2.3 Scríbhneoireacht

Beidh iarrthóirí ag an leibhéal seo in ann focail aonaracha a scríobh ar fhoirmeacha atá an-bhunúsach agus a leithéidí. Beidh siad in ann frásaí an-simplí a scríobh. I *Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)* ní bhíonn ach focail aonaracha le scríobh ag iarrthóirí. Ní bhronntar aon mharcanna sa chás nach mbíonn na focail sin iomlán ceart ó thaobh na gramadaí agus an litrithe de. Rinneadh an cinneadh seo chun iarrthóirí a spreagadh aird faoi leith a thabhairt ar na príomhstruchtúir ghramadaí agus ar litriú na bhfocal is coitianta agus iad ag foghlaim na teanga. Tá easpa feasachta maidir le cruinneas gramadaí agus leanúnachas maidir le cur i bhfeidhm rialacha gramadaí le sonrú i measc fhoghlaimeoirí na Gaeilge ag gach leibhéal cumais. Chuige sin, cuirtear béim ar chruinneas gramadaí agus litrithe sna córais mharcála don scríbhneoireacht sna leibhéil ar fad, fiú ag Bonnleibhéal 1 (A1).

2.4 Sonraíochtaí teanga

Tá mionsonraí maidir le topaicí, feidhmeanna teanga, stór focal, struchtúir ghramadaí srl. ar a bhfuil an scrúdú seo bunaithe le fáil thíos.

Topaic 1: Ag bualadh le daoine

	Feidhmeanna	**Samplaí**
1.1	Ag beannú do dhuine agus ag beannú ar ais do dhuine.	Dia duit. Dia is Muire duit. Cad é mar atá tú? Cén chaoi a bhfuil tú? Conas tá tú? Go maith, go raibh maith agat. Agus tú féin? Go breá.
1.2	Ag fiafraí de dhaoine an bhfuil siad go maith agus ag freagairt na ceiste sin.	An bhfuil tú go maith? Tá. Tá mé go breá, go raibh maith agat.
1.3	É/í féin a chur in aithne.	Liam is ainm dom. Is mise Síle.
1.4	Ag fiafraí de dhuine cén t-ainm atá air/uirthi agus ag freagairt na ceiste sin.	Cad is ainm duit?/Cá hainm atá ort?/Cén t-ainm atá ort? Siobhán. Micheál. Cad is ainm duitse?/Cá hainm atá ortsa?/Cén t-ainm atá ortsa?
1.5	Ag rá le duine go bhfuil sé go deas bualadh leis/léi.	Tá sé go deas bualadh leat.
1.6	Ag iarraidh agus ag tabhairt uimhir theileafóin.	Cad é d'uimhir theileafóin? A náid a hocht a seacht, a trí a cúig a náid a dó a ceathair a sé.
1.7	Ag cur daoine in aithne dá chéile.	Seo é Liam. Seo í Aoife. Seo iad Síle agus Eoghan.
1.8	Ag fágáil slán ag duine.	Slán leat.

		Slán agat. Slán go fóill.

Gramadach	**Samplaí**
Forainmneacha	mé, tú, sé, sí, srl.
An dara pearsa uatha agus iolra de na forainmneacha réamhfhoclacha *do* agus *ar*	duit, daoibh ort, oraibh
Foirmeacha treise	ortsa, duitse, srl.
Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach	Cad is ainm duit? Muiris.

Stór focal	**Samplaí**
Uimhreacha 0–10	a haon, a dó, a trí, srl.

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

Labhairt
Beannachtaí simplí a úsáid agus slán a fhágáil ag duine, agus eolas an-bhunúsach a thabhairt faoi féin.

Éisteacht
Beannachtaí agus ceisteanna simplí a bhaineann le cúlra a thuiscint.

Léamh
Focail agus frásaí a bhaineann le heolas pearsanta a aithint (mar shampla, ar fhoirm iarratais).

Scríobh
Roinnt sonraí pearsanta a bhreacadh síos (mar shampla, ar fhoirm iarratais).

Topaic 2: Cúlra agus áit chónaithe

	Feidhmeanna	**Samplaí**
2.1	Ag fiafraí de dhaoine cad as iad agus ag freagairt na ceiste sin.	Cad as duit?/Cá as tú? (Is) as an Spáinn mé/dom. Cá as tú féin?/Cad as duit féin?
2.2	Ag fiafraí de dhaoine cá bhfuil siad ina gcónaí agus ag freagairt na ceiste sin.	Cá bhfuil tú i do chónaí?/ (Tá mé i mo chónaí) i gCorcaigh.
2.3	Ag cur náisiúntachta in iúl.	Is Éireannach mé. Is Sasanach mé. An Spáinneach tú? Is ea/ní hea, ach Iodálach.
2.4	Ag fiafraí de dhaoine cén seoladh atá acu agus ag freagairt na ceiste sin.	Cén seoladh atá agat? 21 Bóthar na Carraige.
2.5	Ag fiafraí cá bhfuil áit faoi leith agus ag freagairt na ceiste sin.	Cá bhfuil sé sin? I gCorcaigh. In aice le Sligeach. Gar do Luimneach. Cúpla míle ó Dhoire.
2.6	Ag déanamh cur síos ar áiseanna i do cheantar agus ag cur ceist ar dhaoine eile faoi áiseanna ina gceantar siúd.	An bhfuil áiseanna maithe sa cheantar? Tá siopaí, scoil agus oifig phoist ann. An bhfuil linn snámha ann? Tá/Níl.

Gramadach	**Samplaí**
Na réamhfhocail *as* agus *i*	As Baile Átha Cliath. I mBaile Átha Cliath.
Na réamhfhocail *do, le* agus *ó*	Tá sé gar do Luimneach. Tá sé in aice le Gaillimh. Tá sé cúpla míle ó Dhoire.
Foirmeacha ceisteacha	An bhfuil…? Cá bhfuil…?
An dara pearsa uatha agus iolra de na forainmneacha réamhfhoclacha *dom* agus *agam*	duit, daoibh agat, agaibh
Aidiachtaí sealbhacha	mo, do
An chopail	Is Iodálach mé.

Stór focal	**Samplaí**
Áiteanna	sráidbhaile baile cathair contae faoin tuath cois farraige
Áiseanna	siopa(í) banc ollmhargadh scoil oifig (an) phoist teach (tithe) tábhairne óstán linn snámha
Náisiúntacht (go háirithe náisiúntacht an fhoghlaimeora)	Éireannach Sasanach Meiriceánach Francach Spáinneach Iodálach

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

Labhairt
Eolas bunúsach a thabhairt faoi/fúithi féin maidir leis na rudaí seo a leanas: náisiúntacht, áit ar rugadh é/í, áit chónaithe. Beidh sé/sí in ann ceisteanna bunúsacha a chur ar dhaoine eile faoi na hábhair chéanna. Beidh sé/sí in ann na príomháiseanna atá le fáil sa cheantar a ainmniú agus ceist a chur ar dhaoine eile faoi na príomháiseanna atá le fáil ina gceantar siúd.

Éisteacht
Tuigfidh an t-iarrthóir ceisteanna simplí a bhaineann le cúlra agus áit chónaithe. Tuigfidh sé/sí cur síos simplí ó dhaoine eile faoi na príomhrudaí atá le fáil ina gceantar.

Léamh
Beidh na t-iarrthóirí in ann na príomhfhocail a bhaineann leis an ábhar seo a aithint, mar shampla, na focail *náisiúntacht* agus *áit chónaithe* ar fhoirm. Beidh siad in ann na príomhfhocail a bhaineann le seirbhísí a thuiscint, mar shampla, *banc* nó *oifig (an) phoist*.

Scríobh
Beidh na t-iarrthóirí in ann focail faoi leith a bhaineann leo féin a scríobh ar fhoirm. Mar shampla, náisiúntacht agus áit chónaithe.

Topaic 3: An teaghlach

	Feidhmeanna	**Samplaí**
3.1	Ag labhairt faoi stádas pósta.	Tá/níl mé pósta. Tá mé singil. Tá mé scartha. Tá mé colscartha. Is baintreach (fir) mé.
3.2	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi stádas pósta.	An bhfuil tú pósta? Tá/níl. An bhfuil tusa/tú féin pósta? Níl. Tá mé singil.
3.3	Ag labhairt faoi pháistí.	Tá clann/páistí agam. Níl páistí ar bith againn. Tá mé/táimid ag súil le páiste.
3.4	Ag fiafraí de dhaoine an bhfuil páistí acu agus ag freagairt na ceiste sin.	An bhfuil páistí agat?/An bhfuil clann agat? Tá.
3.5	Ag fiafraí de dhaoine cá mhéad páiste atá acu agus ag freagairt na ceiste sin.	Cá mhéad páiste atá agat? Beirt.
3.6	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi dheartháireacha agus deirfiúracha.	Cá mhéad deartháir atá agat? Triúr. Cá mhéad deirfiúr atá agat? Ceathrar.
3.7	Ag cur baill éagsúla den teaghlach in aithne.	Seo é mo mhac Tomás. Seo í m'iníon Deirdre. Seo iad mo thuismitheoirí. An bhfuil aithne agat ar mo dheartháir? An bhfuil aithne agat ar mo dheirfiúr?

Gramadach	**Samplaí**
Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach	An bhfuil tú pósta? Tá/níl.
An dara pearsa uimhir uatha agus iolra den fhorainm réamhfhoclach *agam*	agat, agaibh
Uimhreacha pearsanta	duine amháin – deichniúr
Cá mhéad + uimhir uatha	Cá mhéad páiste atá agat?

Stór focal	**Samplaí**
Stádas pósta	pósta singil scartha colscartha baintreach (fir)
Daoine	deartháir deirfiúr mac iníon fear céile bean chéile athair máthair tuismitheoirí
Uimhreacha pearsanta	duine amháin – deichniúr

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

Labhairt
Eolas bunúsach a thabhairt faoina stádas pósta agus faoina dteaghlach.

Éisteacht
Ceisteanna simplí a bhaineann leis an teaghlach a thuiscint. In ann focail agus frásaí a thuiscint i gcomhrá faoin teaghlach.

Léamh
Focail agus frásaí a bhaineann leis an teaghlach a aithint (ar fhoirm iarratais, mar shampla).

Scríobh
Sonraí pearsanta a bhaineann le stádas pósta agus an teaghlach a bhreacadh síos (ar fhoirm iarratais, mar shampla).

Topaic 4: An teach agus lóistín

	Feidhmeanna	Samplaí
4.1	Ag ainmniú na bpríomhsheomraí sa teach.	Cistin Seomra suí
4.2	Ag fiafraí cá mhéad seomra codlata atá sa teach agus ag freagairt na ceiste sin.	Cá mhéad seomra codlata sa teach/atá ann? Trí cinn.
4.3	Ag ainmniú troscáin agus trealaimh.	Eochair/eochracha Tábla/bord Cathaoir Cuisneoir Sorn Ríomhaire
4.4	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi lóistín.	Cá bhfuil tú ag fanacht? Tá mé ag roinnt árasáin le cara liom. Tá mé ag roinnt tí le triúr eile. Tá mé i mo chónaí i m'aonar/ liom féin.
4.5	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi chíos.	An bhfuil sé daor? Níl sé ródhaor – trí chéad euro sa mhí. Tá sé daor go leor – cúig chéad sa mhí.
4.6	Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoi theach/lóistín.	An maith leat é? Is maith. Tá sé ciúin. Tá sé ceart go leor. Ní maith. Ní réitím go maith leis na daoine eile.
4.7	Ag fiafraí cá bhfuil an leithreas agus ag freagairt na ceiste sin.	Cá bhfuil an leithreas, le do thoil? An chéad doras ar dheis. Tá sé ansin ar chlé.

Gramadach	**Samplaí**
An t-alt agus ainmfhocail	an tábla an chathaoir
Ag comhaireamh rudaí	dhá sheomra trí sheomra
Na horduimhreacha (1–10)	an chéad doras
Ceann	ceann amháin dhá cheann trí cinn

Stór focal	**Samplaí**
Seomraí	an seomra suí an seomra codlata an halla an chistin an seomra folctha an leithreas
Troscán agus trealamh	tábla cathaoir/cathaoireacha tolg leaba cuisneoir sorn teach teach dhá stór doras fuinneog thuas staighre thíos staighre

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

Labhairt
Na príomhsheomraí agus cuid de na príomhrudaí atá le fáil i dteach a ainmniú. Treoracha a lorg laistigh den teach. A rá cén cineál lóistín atá aige/aici féin agus eolas an-simplí faoin lóistín sin a thabhairt.

Éisteacht
Ceisteanna simplí faoina bhfuil sa teach a thuiscint. Cur síos simplí a bhaineann le cúrsaí lóistín a thuiscint. Treoracha simplí a bhaineann leis an teach a thuiscint.

Léamh
Ainmneacha na seomraí agus cuid de na príomhrudaí atá le fáil i dteach a aithint. Comhrá simplí scríofa ar an ábhar seo a léamh.

Scríobh
Ainmneacha na seomraí agus cuid de na príomhrudaí atá le fáil i dteach a scríobh síos. Cuntas an-simplí a scríobh faoin chineál lóistín atá acu féin.

Topaic 5: Caitheamh aimsire

	Feidhmeanna	**Samplaí**
5.1	Ag fiafraí de dhaoine cad é a dhéanann siad nuair a bhíonn siad saor agus ag freagairt na ceiste sin.	Cad é/Céard a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat? Imrím galf. Téim ag snámh. Féachaim ar an teilifís. Éistim le ceol. Téim go dtí an phictiúrlann.
5.2	Ag fiafraí de dhaoine an mbíonn siad ag gabháil do chaitheamh aimsire áirithe agus ag freagairt na ceiste sin.	An imríonn tú leadóg? Imrím/ní imrím. An dtéann tú go dtí an phictiúrlann? Téim/ní théim.
5.3	Ag fiafraí de dhaoine an dtaitníonn caitheamh aimsire áirithe leo agus ag freagairt na ceiste sin.	An maith leat ceol traidisiúnta? An maith leat spórt? Is maith/ní maith. Is breá liom é. Is fuath liom é.
5.4	Ag cur tuairimí in iúl faoi chaitheamh aimsire.	Is fuath liom spórt. Níl suim dá laghad agam sa cheol traidisiúnta. Ní maith liom dul go tithe tábhairne.
5.5	Ag caint ar na huaireanta a dhéantar rudaí éagsúla.	Imrím leadóg Dé Máirt. Téim ag siúl i gcónaí Dé Domhnaigh. Téim chuig ceolchoirm go minic Dé hAoine.

Gramadach	**Samplaí**
Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach	An imríonn tú leadóg? Imrím/ní imrím.
An chopail	Is fuath liom spórt.
An réamhfhocal *i* + an t-alt	sa pheil
Dobhriathra ama	go minic anois is arís i gcónaí

Stór focal	**Samplaí**
Caitheamh aimsire (go háirithe caitheamh aimsire an fhoghlaimeora)	amharclann pictiúrlann an teach tábhairne téigh chuig/go dtí … dráma scannán ceolchoirm an teilifís féach ar … an raidió éist le … clár nuacht scannán ceol seinn amhrán can spórt (snámh, leadóg, galf, rugbaí, siúl, peil, iomáint, sacar) imir bain/buaigh
Laethanta na seachtaine	Dé Luain Dé Máirt Dé Céadaoin Déardaoin Dé hAoine Dé Sathairn Dé Domhnaigh

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

Labhairt
Tuairimí simplí a chur in iúl faoi chaitheamh aimsire agus a rá cén caitheamh aimsire a thaitníonn leis/léi.

Éisteacht
Ceisteanna simplí a bhaineann le caitheamh aimsire a thuiscint. In ann focail agus frásaí a thuiscint i gcomhrá faoi chaitheamh aimsire.

Léamh
Ainmneacha caitheamh aimsire a aithint agus na príomhphointí a thuiscint i gcuntas scríofa ar imeacht/ócáid.

Scríobh
Cur síos simplí a scríobh faoin chaitheamh aimsire, a rá cad iad na cinn a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis/léi.

Topaic 6: An saol laethúil

	Feidhmeanna	**Samplaí**
6.1	Ag fiafraí cén t-am atá sé agus ag freagairt na ceiste céanna.	Cén t-am atá sé? (Tá sé) a dó a chlog.
6.2	Ag rá cén t-am a dhéantar rudaí éagsúla.	Éirím ar a seacht a chlog. Tagaim abhaile ar a sé a chlog.
6.3	Ag fiafraí de dhaoine cén t-am a dhéanann siad rud éigin.	Cén t-am a théann tú/tusa ag obair?
6.4	Ag labhairt faoi na rudaí a dhéanann sé/sí gach lá.	Tosaím ag obair ar a naoi. Ithim mo dhinnéar idir a seacht agus a hocht. Casaim le cairde sa tráthnóna.
6.5	Ag fiafraí de dhaoine an ndéanann siad rud áirithe.	An éiríonn tú go luath? Éirím/ní éirím. An mbíonn tú sa bhaile go luath? Bím/ní bhím.

Gramadach	**Samplaí**
An aimsir láithreach den bhriathar	éirím, ithim, ólaim, téim, déanaim…
Ag cur agus ag freagairt ceisteanna san aimsir láithreach	An dtéann tú? Téim/ní théim An éiríonn tú…? Éirím/ní éirím.
Uimhreacha agus am	a haon a chlog a dó a chlog… leathuair tar éis/i ndiaidh ceathrú chun/go dtí
ar + séimhiú	ar cheathrú go dtí a trí

Stór focal	**Samplaí**
Béilí	bricfeasta lón dinnéar (sos) tae (sos) caife
Focail a bhaineann leis an saol laethúil	obair/scoil/siopadóireacht… Féach chomh maith: *Caitheamh aimsire*.
Minicíocht/tréimhsí ama	de ghnáth anois is arís go minic idir

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

Labhairt
Cur síos an-simplí a thabhairt ar na rudaí a dhéanann sé/sí de ghnáth agus ceisteanna simplí a chur ar dhuine eile faoin ábhar céanna.

Éisteacht
Tuigfidh an t-iarrthóir ceisteanna simplí faoi ghnáthimeachtaí laethúla. Beidh tuiscint aige/aici ar chur síos an-simplí ó dhaoine eile faoi ghnáthimeachtaí laethúla.

Léamh
Beidh na t-iarrthóirí in ann focail agus frásaí an-simplí a bhaineann leis an ábhar seo a léamh, mar shampla an t-am, imeachtaí, ionaid.

Scríobh
Beidh na t-iarrthóirí in ann frásaí an-simplí a scríobh faoin saol laethúil atá acu féin, mar shampla nóta simplí a Scríobh *Dinnéar Dé Domhnaigh ag 7.30?* nó nóta gearr a scríobh i ndialann.

Topaic 7: Buanna agus scileanna

	Feidhmeanna	**Samplaí**
7.1	Ag fiafraí de dhaoine an bhfuil siad ábalta rud éigin a dhéanamh agus ag freagairt na ceiste sin.	An bhfuil clóscríobh agat? An bhfuil ceol agat? An bhfuil Fraincis agat?
7.2	Ag rá cé chomh maith is atá tú i mbun rud éigin.	Tá mé cuibheasach/measartha/réasúnta maith. Níl mé rómhaith. Tá mé ag foghlaim.
7.3	Ag rá cé chomh furasta nó deacair atá rud éigin.	Tá sé furasta/éasca. Tá sé furasta go leor. Tá sé an-deacair. Tá sé ródheacair.
7.4	Ag fiafraí de dhaoine cé chomh maith is atá ag éirí leo agus ag freagairt na ceiste sin.	Conas atá ag éirí leat? Tá ag éirí go maith liom. Maith go leor. Níl ag éirí go rómhaith liom.
7.5	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi theangacha.	Cá mhéad teanga atá agat? Trí cinn – Fraincis, Béarla agus Gaeilge.
7.6	Ag rá cé chomh maith is atá teanga agat.	Tá mé líofa. Tá Fraincis líofa agam. Tá mé measartha maith. Níl agam ach beagán Gearmáinise.
7.7	Ag déileáil le deacrachtaí cumarsáide.	Tá brón orm. Ní thuigim. Gabh mo leithscéal, an féidir leat é sin a rá arís, le do thoil? Cad é a chiallaíonn …? An bhféadfá é sin a litriú? An bhféadfá labhairt níos moille, le do thoil?

Gramadach	**Samplaí**
Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach	An bhfuil clóscríobh agat? Tá/Níl.
An forainm réamhfhoclach *agam*	agam, agat
Na réimíreanna *ró-* agus *an-*	rómhaith an-deacair
Aidiachtaí	furasta/éasca deacair
Ceann	ceann amháin dhá cheann sé cinn

Stór focal	**Samplaí**
Scileanna (na cinn atá ag an fhoghlaimeoir san áireamh)	clóscríobh snámh ceol an giotár an fheadóg stáin an pianó seinn …
Cumas	maith cuibheasach/measartha/réasúnta an-mhaith
Deacracht	furasta/éasca deacair
Teangacha (na cinn atá ag an fhoghlaimeoir san áireamh)	Fraincis Gearmáinis Spáinnis Iodáilis Béarla

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

Labhairt
A rá cad iad na buanna atá aige/aici agus cé chomh maith is atá sé/sí i mbun rudaí éagsúla.

Éisteacht
Ceisteanna simplí a bhaineann le cumas/scileanna a thuiscint. In ann focail agus frásaí a thuiscint i gcomhrá faoi scileanna/cumas agus déileáil le deacrachtaí cumarsáide.

Léamh
Ainmneacha teangacha áirithe a aithint mar aon le focail agus frásaí a bhaineann le cumas.

Scríobh
Cur síos simplí a scríobh faoina scileanna agus cumas.

Topaic 8: Cúrsaí oibre

	Feidhmeanna	**Samplaí**
8.1	Ag fiafraí de dhaoine cén obair a dhéanann siad agus ag freagairt na ceiste sin.	Cén obair a dhéanann tú?/Cén post atá agat? Is tiománaí bus mé. Cén obair a dhéanann tú féin?/Cén post atá agatsa?
8.2	Ag fiafraí de dhaoine cén áit a bhfuil siad ag obair agus ag freagairt na ceiste sin.	Cén áit a bhfuil tú ag obair? Tá mé ag obair i monarcha
8.3	Ag labhairt faoi stádas oibre.	Tá mé féinfhostaithe. Tá mé dífhostaithe.
8.4	Ag fiafraí de dhaoine an dtaitníonn a bpost leo agus ag freagairt na ceiste sin.	An maith leat do phost? Is maith/Ní maith. Ní maith liom ar chor ar bith é. Tá sé ceart go leor.
8.5	Ag fiafraí de dhaoine an bhfuil post áirithe acu agus ag freagairt na ceiste sin.	An siúinéir tú? Is ea/ní hea. Ní hea, is tiománaí mé Ní hea, múinteoir atá ionam.
8.6	Ag cur síos ar dhálaí oibre.	Is post lánaimseartha/páirtaimseartha é. Is post sealadach/buan é.
8.7	Ag cur ceisteanna faoi dhálaí oibre agus ag freagairt na gceisteanna sin.	An post lánaimseartha é? Is ea/ní hea. Cad iad na huaireanta a oibríonn tú? Oibrím gach lá óna hocht go dtí a cúig.

Gramadach	**Samplaí**
Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach	Cén áit a bhfuil tú ag obair?
An chopail	An siúinéir tú?
An forainm réamhfhoclach *ionam*	ionam
An réamhfhocal *i* (nó *in*)	i dteach tábhairne in óstán

Stór focal	**Samplaí**
Poist (ceann an fhoghlaimeora san áireamh)	dochtúir altra rúnaí tiománaí múinteoir freastalaí meicneoir tógálaí cúntóir siopa mac léinn
Áiteanna oibre	ospidéal/otharlann oifig scoil siopa monarcha óstán teach tábhairne
Dálaí oibre	tuarastal pá páirtaimseartha lánaimseartha sealadach buan

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

Labhairt
Cur síos an-simplí a thabhairt ar a p(h)ost agus ar na dálaí oibre.

Éisteacht
Ceisteanna simplí a bhaineann lena p(h)ost a thuiscint. In ann focail agus frásaí a thuiscint i gcomhrá faoi chúrsaí oibre.

Léamh
Ainmneacha na bpost is coitianta a aithint agus na príomhphointí mar gheall ar obair a thuiscint i gcuntas scríofa.

Scríobh
Cur síos simplí a scríobh faoina p(h)ost.

Topaic 9: Bia agus deoch

	Feidhmeanna	**Samplaí**
9.1	Ag rá go bhfuil tart nó ocras ort.	Tá tart orm. Tá ocras orm.
9.2	Ag ainmniú cineálacha éagsúla bia agus dí.	(Cupán) tae (Gloine) bainne Pionta beorach Arán
9.3	Ag rá cad iad na cineálacha bia agus dí a itheann agus a ólann tú.	Ithim gach cineál bia. Ní ithim feoil. Ólaim fíon dearg.
9.4	Ag fiafraí de dhaoine cad na cineálacha bia agus dí a itheann agus a ólann siad.	An itheann tú iasc? An ólann tú uisce beatha?
9.5	Ag cur tuairimí in iúl.	Ní maith liom iasc. Is breá liom glasraí.
9.6	Ag ordú bia agus dí.	Caife dubh, le do thoil. Gloine bainne, le do thoil. An t-iasc, le do thoil.
9.7	Ag fiafraí cén costas atá ar rud éigin agus ag freagairt na ceiste sin.	Cá mhéad sin? Trí euro, le do thoil.
9.8	Ag lorg an bhille.	An bille, le do thoil.
9.9	Ag tairiscint dí do dhuine/ag glacadh le tairiscint nó ag diúltú di.	Ar mhaith leat deoch? Ba mhaith, le do thoil. Níor mhaith, go raibh maith agat.

Gramadach	**Samplaí**
Na bunuimhreacha	euro amháin …10 euro
An t-alt roimh ainmfhocal	an t-iasc

Stór focal	**Samplaí**
Na príomhchineálacha bia agus dí	arán im feoil glasraí iasc prátaí rís siúcra bainne (cupán) tae (cupán) caife (gloine) uisce gloine beorach uisce beatha fíon
Ag ithe i mbialann	bia béile deoch freastalaí biachlár an chéad chúrsa an príomhchúrsa milseog an bille

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

Labhairt
Na príomhchineálacha bia agus dí a thaitníonn leis/léi a ainmniú agus ceist a chur ar dhaoine eile faoin ábhar céanna. Béile simplí a ordú agus tuairim an-simplí a nochtadh faoi bhéile. An bille a iarraidh agus deoch a thairiscint do dhuine.

Éisteacht
Beidh tuiscint ag an fhoghlaimeoir ar cheisteanna simplí agus cur síos bunúsach ar an ábhar céanna.

Léamh
Na príomhfhocail ar bhiachlár simplí a aithint.

Topaic 10: Tinneas agus gortuithe

	Feidhmeanna	Samplaí
10.1	Ag rá nach bhfuil tú ag mothú go maith.	Níl mé ag mothú go maith. Tá mé tinn.
10.2	Ag fiafraí de dhaoine eile cad atá cearr leo agus ag freagairt na ceiste sin.	Cad é atá ort? Tá tinneas cinn orm. Tá pian i mo bholg.
10.3	Ag léiriú comhbhá le duine.	Is mór an trua sin. A chréatúir!
10.4	Ag fiafraí de dhaoine an mothaíonn siad níos fearr agus ag freagairt na ceiste sin.	An bhfuil tú níos fearr? Tá, go raibh maith agat. Tá mé níos fearr anois. Níl, tá mé níos measa.
10.5	Ag tabhairt eolais faoi thinneas/gortú.	Bhí mé ag an dochtúir. Bhí mé san otharlann. Ghortaigh mé mo chos.
10.6	Ag rá go bhfuil tú tuirseach.	Tá mé tuirseach.

Gramadach	Samplaí
Forainmneacha réamhfhoclacha	orm, ort, air, uirthi agam, agat, aige, aici
Céimeanna comparáide na haidiachta	níos measa níos fearr
An aimsir chaite	Ghortaigh mé… Bhris mé… Leon mé…
Aidiachtaí sealbhacha	mo lámh do chos

Stór focal	Samplaí
Páirteanna den cholainn	cluas súil ceann srón (gaosán) muineál sciathán cos bolg lámh méar glúin
Tinnis	tinneas cinn slaghdán scornach thinn/sceadamán nimhneach casachtach tinneas fiacaile/déideadh dochtúir otharlann/ospidéal

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

Labhairt
Na príomhpháirteanna den cholainn, na príomhthinnis agus na príomhghortuithe a ainmniú. Ceisteanna simplí a chur ar dhaoine eile faoin chaoi a bhfuil siad ag mothú, cad atá cearr leo nó an bhfuil siad ag mothú níos fearr. Ráitis an-simplí a dhéanamh faoi na nithe céanna.

Éisteacht
Ceisteanna simplí agus cur síos an-simplí a bhaineann leis na nithe thuas a thuiscint.

Léamh
Focail agus frásaí a bhaineann leis an ábhar seo a aithint. Comhráite simplí scríofa a bhaineann leis an ábhar a léamh.

Scríobh
Na príomhfhocail agus na príomhfhrásaí a bhaineann le tinneas agus gortuithe a scríobh.

Topaic 11: Éadaí agus siopadóireacht

	Feidhmeanna	Samplaí
11.1	Ag ainmniú cineálacha éagsúla éadaigh.	Geansaí Bríste
11.2	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi dhath.	Cén dath atá air? (Dath) dearg.
11.3	Ag cur tuairimí in iúl.	Tá an geansaí sin go deas. Tá an sciorta seo rómhór. Is maith liom an bríste dearg.
11.4	Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí.	An maith leat an sciorta seo? Is maith. Is breá liom é. Ní maith liom in aon chor é.
11.5	Ag déanamh idirdhealú idir earraí éagsúla.	Cé acu ceann? An ceann dearg. An ceann seo.
11.6	Ag fiafraí faoi chostas agus ag tabhairt eolais faoi chostas.	Cá mhéad atá ar an léine sin? Tríocha euro. Sparán

Gramadach	Samplaí
Aidiachtaí san uimhir uatha agus uimhir iolra	geansaí deas léine bhuí bróga dubha
Na réimíreanna *ró-* agus *an-*	rómhór ró-éadrom an-deas
Uimhreacha	deich euro, fiche euro, tríocha euro… céad euro
Aidiachtaí taispeántacha	seo, sin

Stór focal	**Samplaí**
Cineálacha éadaigh	geansaí bríste léine fo-éadaí sciorta gúna culaith stocaí bróga cóta
Dathanna	dubh bán dearg buí gorm glas donn dath oráiste
Aidiachtaí	deas saor daor beag mór éadrom dorcha

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

Labhairt
Na príomhbhaill éadaigh agus na príomhdhathanna a ainmniú. Tuairimí an-simplí a chur in iúl faoi chineálacha éadaigh. Ceist a chur faoi chostas.

Éisteacht
Beidh tuiscint ag an fhoghlaimeoir ar chur síos an-simplí a bhaineann le baill éadaigh, an dath atá orthu agus an costas a bhaineann leo.

Léamh
Ainmneacha na bpríomhbhall éadaigh agus na dathanna a thuiscint. Praghsanna simplí a thuiscint.

Topaic 12: Laethanta saoire agus taisteal

	Feidhmeanna	Samplaí
12.1	Ag fiafraí de dhaoine cén áit a raibh siad ar laethanta saoire agus ag freagairt na ceiste sin.	Cén áit a raibh tú ar saoire i mbliana? (Bhí mé) i Meiriceá. Chaith mé coicís sa Spáinn.
12.2	Ag fiafraí de dhaoine an raibh siad ar laethanta saoire agus ag freagairt na ceiste sin.	An raibh tú ar laethanta saoire? Bhí. Bhí mé sa Fhrainc. Ní raibh. Tá mé ag dul go Meiriceá an mhí seo chugainn.
12.3	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi lóistín.	Cén cineál lóistín a bhí agat? D'fhan mé in óstán.
12.4	Ag lorg agus tabhairt eolais faoin aimsir.	Cad é mar a bhí an aimsir? Bhí sé te. Bhí sé róthe. Bhí sé fuar. Bhí sé an-fhuar.
12.5	Ag fiafraí de dhuine cé a bhí leis/léi agus ag freagairt na ceiste sin.	Cé a bhí leat? Mo chara Bríd. Mo dheartháir Pól.
12.6	Ag lorg agus tabhairt tuairimí faoin áit.	Ar thaitin an áit leat? Thaitin. Bhí sé go deas. Níor thaitin. Ní raibh na daoine róchairdiúil. Bhí sé ródhaor.

Gramadach	**Samplaí**
An aimsir chaite den bhriathar	d'fhan, thaitin, d'ith, d'ól…
Ceisteanna agus freagraí san aimsir chaite	ar fhan..? ar thaitin..? an raibh..?
Na réamhfhocail *i* agus *sa*	i Meiriceá i Sasana i gCeanada sa Fhrainc sa Spáinn
Aidiachtaí	deas cairdiúil saor daor
Na réimíreanna *an-* agus *ró-*	an-fhliuch róthe

Stór focal	**Samplaí**
Tíortha	Meiriceá Ceanada Sasana an Spáinn an Fhrainc an Iodáil
An aimsir	fuar te fliuch scamallach sneachta (trom)
Cineálacha lóistín	óstán árasán brú carbhán
Pointí ama	seachtain coicís mí

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

Labhairt
Beidh an t-iarrthóir in ann ceisteanna simplí a chur ar dhaoine faoi laethanta saoire. Beidh sé/sí in ann ceisteanna a chur agus cur síos an-simplí a thabhairt faoin áit, an aimsir, an bia agus na daoine.

Éisteacht
Tuigfidh an t-iarrthóir ceisteanna simplí agus cur síos an-simplí a bhaineann le laethanta saoire.

Léamh
Beidh an t-iarrthóir in ann na príomhfhocail agus na príomhfhrásaí a bhaineann le laethanta saoire a aithint. Beidh sé/sí in ann cur síos an-simplí faoi laethanta saoire a thuiscint, mar shampla cuntas dialainne.

Scríobh
Beidh an t-iarrthóir in ann frásaí an-simplí a scríobh a bhaineann le laethanta saoire a bhí aige/aici, mar shampla, cuntas dialainne a bhfuil cúpla abairt ann.

Topaic 13: Orduithe

	Feidhmeanna	**Samplaí**
13.1	Ag tabhairt orduithe do pháistí.	Bí ciúin/Bígí ciúin. Ná déan sin. Ná bí dána. Imigh leat. Ith do dhinnéar. Nigh d'aghaidh. Glan do lámha. Téigh amach.
13.2	Ag tabhairt orduithe (ginearálta)	Déan deifir/brostaigh ort. Tar anseo. Tar isteach, a Sheáin. Suigh síos. Fan nóiméad. Dún an doras, le do thoil. Oscail an fhuinneog, le do thoil.
13.3	Ag tabhairt orduithe sa teach.	Dún an doras, le do thoil. Oscail an fhuinneog, le do thoil.
13.4	Ag tabhairt foláireamh do dhuine.	Coimhéad!/Seachain!

Gramadach	**Samplaí**
An modh ordaitheach, uatha agus iolra, dearfach agus diúltach	cas téigh lean imigh…
An aidiacht shealbhach	Nígí bhur n-aghaidh. D'aghaidh/bhur n-aghaidh

Stór focal	**Samplaí**
Orduithe	bí déan imigh ith nigh glan téigh tar suigh fan dún/druid oscail coimhéad seachain

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

Labhairt
Orduithe simplí a thabhairt do dhaoine fásta agus do pháistí. Orduithe simplí a thabhairt sa teach agus foláireamh a thabhairt do dhuine.

Éisteacht
Orduithe simplí agus foláirimh a thuiscint.

Léamh
Orduithe a bhíonn le feiceáil go coitianta a thuiscint, mar shampla *Ciúnas*, nó *Seachain do cheann*.

Topaic 14: Ag déanamh socruithe

	Feidhmeanna	Samplaí
14.1	Ag fiafraí de dhaoine an mbeidh siad saor agus ag freagairt na ceiste sin.	An mbeidh tú saor san oíche amárach? Beidh. Cén fáth? Ní bheidh. Tá mé ag obair.
14.2	Ag tagairt d'ócáidí éagsúla.	Tá breithlá ag Seán. Tá cóisir ag Bernie. Tá Pól le pósadh.
14.3	Ag fiafraí cén uair a bheidh rud éigin ar siúl agus ag freagairt na ceiste sin.	Cén uair?/Cathain? Meán Fómhair seo chugainn. Dé Sathairn seo chugainn. Dé Domhnaigh ar a hocht.
14.4	Ag tabhairt cuireadh do dhuine.	Ar mhaith leat dul liom? Ar mhaith leat dul go dtí an phictiúrlann?
14.5	Ag glacadh le cuireadh agus ag diúltú do chuireadh.	Ba bhreá liom. Ba bhreá liom, ach tá mé ag obair.
14.6	Ag gabháil leithscéil.	Tá brón orm.
14.7	Ag socrú ama.	Cén t-am a gcasfaimid le chéile? Timpeall a hocht.
14.8	Ag socrú áite.	Cén áit a mbuailfidh mé leat? Taobh amuigh den phictiúrlann. Sa chaife nua sin.
14.9	Gléasanna cumarsáide	Fón póca/guthán póca Ríomhphost/teachtaireacht ríomhphoist Téacs/teachtaireacht téacs

Gramadach	**Samplaí**
An aimsir fháistineach den bhriathar (ceisteanna agus freagraí)	An mbeidh tú? Beidh/Ní bheidh.

Stór focal	**Samplaí**
Ócáidí sóisialta	cóisir bainis/pósadh breithlá scannán dráma seisiún ceoil ceolchoirm
Míonna na bliana	Eanáir Feabhra Márta Aibreán Bealtaine Meitheamh Iúil Lúnasa Meán Fómhair Deireadh Fómhair Samhain Nollaig

Beidh an t-iarrthóir ábalta…

Labhairt
A fháil amach an bhfuil duine saor agus tagairt a dhéanamh do na príomhócáidí sóisialta. Cuireadh a thabhairt agus glacadh le cuireadh nó diúltú do chuireadh. Socruithe simplí a dhéanamh a bhaineann le ham agus le háit.

Éisteacht
Ceisteanna agus comhráite simplí a bhaineann le cuirí agus ócáidí sóisialta a thuiscint.

Léamh
Cuirí an-simplí a thuiscint.

Scríobh
Cuirí simplí a scríobh. Nóta an-simplí a scríobh ag glacadh le nó ag diúltú do chuireadh.

3. Treoir do Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)

3.1 Treoir ghinearálta

- Bíonn an scrúdú le haghaidh creidiúint iomlán ar siúl uair amháin sa bhliain, mí Aibreáin nó mí Bealtaine, in Ollscoil Mhá Nuad nó in ionaid eile in Éirinn, san Eoraip, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus i gCeanada. Maidir le páirtchreidiúint ag amanna eile den bhliain, moltar d'eagraíochtaí dul i dteagmháil le Lárionad na Gaeilge le tuilleadh eolais a fháil.
- Tá foirmeacha iarratais agus eolas reatha maidir le dátaí, ionaid agus araile le fáil ar www.teg.ie.
- Is i nGaeilge a bhíonn na treoracha agus na ceisteanna ar fad ar na páipéir scrúduithe.
- Níl cead ag iarrthóirí aon fhoclóir a bheith acu sa halla scrúdaithe le linn an scrúdaithe.
- Téigh go dtí an rannóg Ceisteanna Coitianta ar an suíomh seo má bhíonn aon cheist acu. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad, Co. Chill Dara, Éire (01) 7083737 nó teanga@nuim.ie
- Chomh maith leis an eolas sa cháipéis seo, moltar d'iarrthóirí staidéar a dhéanamh ar na cáipéisí seo a leanas atá le fáil ar www.teg.ie:
  Scrúduithe Samplacha Bhonnleibhéal 1 (A1)
  Tuairisc ar Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)

Grádú

Cuirfear an marc iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir ar fáil, mar aon le briseadh síos ar na marcanna a ghnóthaigh an t-iarrthóir sna rannóga éagsúla. Níl aon íos-phasmharc ann sna rannóga éagsúla.
Seo a leanas, sa tábla, an grádú a dhéantar ar na marcanna sa scrúdú.

Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)	
80 - 100%	Pas le gradam
65 - 79%	Pas le tuillteanas
50 - 64%	Pas
0 - 49%	Teip

Leagan amach an scrúdaithe

Tá ceithre rannóg sa scrúdú: labhairt, cluastuiscint, léamhthuiscint agus scríbhneoireacht. Seo mar a dhéantar na marcanna a dháileadh:

Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)
• Labhairt 40% • Cluastuiscint 25% • Léamhthuiscint 25% • Scríbhneoireacht 10%

Tugtar mioneolas maidir leis na rannóga ar fad thíos. Moltar d'iarrthóirí staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar na scrúduithe samplacha atá le fáil ar an suíomh seo.

3.2 An scrúdú cluastuisceana

Seo a leanas sonraí maidir leis na tascanna sa scrúdú cluastuisceana:

Rannóg	Líon míreanna	An cineál téacs	Líon marcanna	Formáid na bhfreagraí	Fócas an taisc
1	12	2 mhonalóg neamhfhoirmiúla	12	Freagra gearr (focal amháin nó uimhir)	Ag éisteacht chun eolas cuí faoi chúrsaí pearsanta a aimsiú (m.sh. cineál poist, líon páistí, caitheamh aimsire srl.)
2	6	3 fhógra ghearra leathfhoirmiúla	12	Freagra gearr. Freagra ilroghnach (ceithre rogha)	Ag éisteacht chun teacht ar eolas simplí fíorasach (m.sh. praghsanna, uimhreacha, dátaí.)
3	6	3 theachtaireacht ghearra (ar ghléas freagartha) neamhfhoirmiúla	12	Freagra gearr. Freagra ilroghnach (ceithre rogha)	Ag éisteacht chun teacht ar eolas simplí fíorasach (m.sh. socruithe, áiteanna, cur síos.)
4	6	3 chomhrá ghearra neamhfhoirmiúla (idir chairde nó idir ghaolta)	12	Freagra gearr. Freagra ilroghnach (ceithre rogha)	Ag éisteacht chun teacht ar eolas simplí fíorasach

Eolas ginearálta

- Beidh cúig nóiméad ag iarrthóirí leis an scrúdú a léamh sula gcuirfear an taifeadadh ar siúl.
- Is ionann na treoracha a bheidh le cloisteáil ar an taifeadadh agus na treoracha ar leathanaigh an scrúdaithe.
- Beidh am ag iarrthóirí idir gach ceist chun a gcuid freagraí a scríobh.
- Bainfear úsáid as ábhar atá bunaithe ar ábhar dílis sa chuid seo den scrúdú. Is é atá i gceist leis sin ná go mbeidh an t-ábhar bunaithe ar ábhar atá le cloisteáil sa saol laethúil, mar shampla fógraí ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.
- Cloisfear gach téacs cluastuisceana faoi dhó.
- Beidh na téacsanna éisteachta gairid agus beidh siad bainteach leis an ghnáthshaol.
- Déantar tástáil ar chumas na n-iarrthóirí éisteacht le haghaidh eolas agus fíricí ar leith atá curtha in iúl go soiléir.
- Mairfidh an chuid seo den scrúdú timpeall 25 nóiméad.
- Beidh na trí mhórchanúint in úsáid, ach ní bhainfear úsáid as cainteoirí a bhfuil blas réigiúnach an-láidir ar a gcuid cainte. Bainfear úsáid as cainteoirí maithe a bhfuil guth soiléir acu.
- Nuair a bhíonn gá le freagra scríofa (focal nó frása) ní mór do fhreagraí na n-iarrthóirí bheith i nGaeilge.

Marcáil

- Tá marc amháin ag gabháil do gach ceist i rannóg 1. Tá dhá mharc ag gabháil do gach ceist sna rannóga eile. 48 marc san iomlán atá ag gabháil don scrúdú cluastuisceana. Is fiú 25% den scrúdú iomlán an scrúdú cluastuisceana.
- Tá dhá chineál ceiste ann. I gcás na gceisteanna ilrogha, meabhraítear d'iarrthóirí nár cheart tic a chur ach i mbosca amháin. Ní bhronnfar marcanna ar iarrthóirí a chuireann tic i níos mó ná bosca amháin, fiú amháin má roghnaíonn siad an freagra ceart. Maidir leis na ceisteanna sin a gcaithfear freagra gearr a thabhairt orthu, glacfar le mílitriú fad agus atá an méid a scríobhtar inaitheanta. An t-aon eisceacht air sin ná nuair a dhéanann cainteoir ar an taifeadadh féin an focal a litriú.

3.3 An scrúdú léamhthuisceana

Seo a leanas sonraí maidir leis na tascanna sa scrúdú léamhthuisceana:

Rannóg	Líon míreanna	An cineál téacs	Líon marcanna	Formáid na bhfreagraí	*Fócas an taisc*
1	5	Abairtí a chomhlánú (Baineann na habairtí le téama/topaic amháin)	10	Freagra ilroghnach (ceithre rogha)	Ag léamh agus ag teacht ar ghnéithe cuí léacsacha.

2	5	5 chomhrá ghearra a chomhlánú	10	Freagra ilroghnach (trí rogha)	Ag léamh agus ag aithint na bhfreagraí cuí.
3	5	Comhrá níos faide a chomhlánú	10	Meaitseáil ilroghnach (roghnaigh 5 mhír as 8 gcinn)	Ag léamh agus ag aithint na bhfreagraí cuí.
4	7	Ríomhphost/litir/nóta srl.	14	Ceist ilroghnach (trí rogha: fíor/bréagach/ní deirtear)	Ag léamh agus ag fáil miontuisceana ar an ábhar agus ar na príomhsmaointe i dtéacs simplí.
5	7	Ríomhphost/litir/nóta srl.	14	Meaitseáil ilroghnach (roghnaigh 7 mír as 12)	Ag léamh agus ag teacht ar ghnéithe cuí léacsacha.

Eolas ginearálta

- Maireann an scrúdú léamhthuisceana agus an scrúdú scríbhneoireachta 90 nóiméad ar fad. Is faoi na hiarrthóirí iad féin atá sé cad é mar a dhéanann siad an t-am a roinnt idir an dá rannóg sin.
- Déantar na téacsanna go léir a scríobh go sonrach le haghaidh an scrúdaithe léamhthuisceana ach bíonn siad bunaithe, a oiread agus is féidir, ar thopaicí reatha agus ar chineálacha téacs a bhíonn le fáil i nGaeilge.
- Scríobhtar na ceisteanna le tástáil a dhéanamh ar chumas na n-iarrthóirí smaointe agus mionsonraí a chuirtear in iúl ar bhealach díreach a thuiscint.

Marcáil

- Dhá mharc atá ag gabháil do gach ceist i ngach rannóg. 58 marc ar fad atá ag gabháil don scrúdú léamhthuisceana. Is fiú 25% den scrúdú iomlán an scrúdú léamhthuisceana.
- Tá trí chineál ceiste ann (1) ceisteanna ilrogha a bhfuil trí nó ceithre rogha iontu, (2) ceisteanna ilmheaitseála agus (3) Fíor/Bréagach/Ní deirtear. Moltar go láidir d'iarrthóirí cloí leis na treoracha a leagtar síos maidir le freagairt na gceisteanna chun nach gcaillfidh siad marcanna.

3.4 An scrúdú scríbhneoireachta

Seo a leanas sonraí maidir leis na tascanna sa scrúdú scríbhneoireachta:

Rannóg	Líon míreanna	An cineál téacs	Líon marcanna	Formáid na bhfreagraí	Fócais an taisc
1	10	R.phost nó nóta neamhfhoirmiúil	10	Triail iomlánaithe (oscailte)	Cruinneas gramadaí agus litriú.
2	8	R.phost nó nóta neamhfhoirmiúil	16	Triail iomlánaithe (ceist ilroghnach)	Cruinneas gramadaí agus struchtúir na teanga.

Eolas ginearálta

- Maireann an scrúdú léamhthuisceana agus an scrúdú scríbhneoireachta 90 nóiméad ar fad. Is faoi na hiarrthóirí iad féin atá sé cad é mar a dhéanann siad an t-am a roinnt idir an dá rannóg sin.
- Ag an leibhéal seo is focail aonaracha a bhíonn le scríobh ag iarrthóirí. Ní bhíonn orthu abairtí a scríobh.
- Déantar tástáil ar eolas na n-iarrthóirí ar bhunstruchtúir ghramadaí agus stór focal bunúsach. Tá imlíne ar na struchtúir agus ar an stór focal atá oiriúnach don leibhéal seo le fáil sa tsonraíocht thuas.

Marcáil

- 26 marc atá ag gabháil don scrúdú scríbhneoireachta. Is fiú 10% den scrúdú iomlán an scrúdú scríbhneoireachta.
- I gcuid a haon, déantar measúnú ar chumas na n-iarrthóirí an focal nó an struchtúr gramadaí ceart a sholáthar agus iad a bheith litrithe iomlán mar is ceart. Ní bhronntar marcanna má bhíonn mílitriú ann. I gcuid a dó, ní bhronntar marcanna ar iarrthóirí a chuireann tic i níos mó ná bosca amháin le linn dóibh bheith ag freagairt ceisteanna ilrogha, fiú má roghnaíonn siad an freagra ceart.

3.5 An scrúdú cainte

Seo a leanas sonraí maidir leis na tascanna sa scrúdú cainte:

Cuid	*An fad ama*	*An cineál taisc*	*Na feidhmeanna teanga*
1	3-4 nóiméad	Cuirtear roinnt ceisteanna ar an iarrthóir faoina s(h)aol laethúil (baile,	Ag tabhairt eolais

		teaghlach, caitheamh aimsire, laethanta saoire, taisteal, srl.)	
2	2-3 nóiméad	Rólghníomhaíocht (a) Tugtar cárta don iarrthóir 5 nóiméad sula dtosaíonn an scrúdú. Tá eochairfhocail ar an chárta a bhaineann le ranganna oíche, bialann nua, teach ar cíos srl. Freagraíonn an t-iarrthóir ceisteanna ón scrúdaitheoir maidir le dáta / am / áit / costas / uimhir theileafóin srl. (b) Ansin cuireann an t-iarrthóir ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoi áit nó imeacht atá cosúil leis an cheann atá léirithe ar an rólchárta. (Ní thugtar aon leideanna).	Ag tabhairt eolais Ag lorg eolais Ag cur tuairimí simplí in iúl
3	2-3 nóiméad	Cur síos ar radharc éigin i bpictiúr. Tugtar pictiúr d'iarrthóirí agus bíonn nóiméad amháin acu chun féachaint air. Iarrtar orthu cur síos a dhéanamh ar a bhfuil ar siúl sa phictiúr. Léirítear daoine sa phictiúr ag glacadh páirte i ngnáthimeachtaí an lae, m.sh. ag siopadóireacht / ag dul ar bhus / ag féachaint ar an teilifís / ag obair srl.	Ag déanamh cur síos ar phictiúr agus an méid atá ag tarlú ann.

Eolas ginearálta

- Iarrthóir amháin a bheidh faoi scrúdú ag aon am ar leith.
- Bíonn beirt scrúdaitheoirí i mbun an scrúdaithe. Bíonn duine de na scrúdaitheoirí i mbun measúnachta ar feadh thréimhse an scrúdaithe agus ní bhíonn sé/sí páirteach sa chomhrá. Bíonn an duine eile ag meas chumas an iarrthóra chomh maith, ach cuireann seisean/sise ceisteanna ar an iarrthóir agus déanann sé/sí na tascanna a bheas le déanamh ag an iarrthóir a riar.
- 5 nóiméad sula dtosaíonn an scrúdú, faigheann an t-iarrthóir an cárta atá le húsáid sa rólghníomhaíocht i gcuid 2 den scrúdú.
- Maidir le cuid 3 den scrúdú tugtar 1 nóiméad don iarrthóir le smaoineamh ar cad a déarfaidh sé/sí sula n-iarrtar air/uirthi cur síos a dhéanamh ar an phictiúr.
- Déantar gach scrúdú cainte a thaifeadadh ar mhaithe le monatóireacht, caighdeánú agus taighde.

Marcáil

- Bronnfar marcanna ar iarrthóirí as a gcuid iarrachtaí le linn an scrúdaithe iomláin agus ní bhronnfar marcanna ar thascanna faoi leith. Is fiú 40% den scrúdú iomlán na marcanna atá ag gabháil don scrúdú cainte.
- Seo iad na gnéithe den teanga a ndéanfar measúnú orthu sa scrúdú cainte: Cruinneas gramadaí, Stór focal, Foghraíocht agus Cumarsáid. Tá dhá rud i gceist le 'cumarsáid': (1) Ábaltacht iarrthóirí úsáid a bhaint as straitéisí cumarsáide, m.sh. soiléiriú a lorg nó iarraidh ar dhuine rud a rá an dara huair, a rá go bhfuil rud éigin ann nach dtuigeann siad srl. (2) Inniúlacht bhunúsach shochtheangeolaíoch. Ba chóir go mbeadh na hiarrthóirí in ann frásaí simplí a úsáid chun bunteagmháil shóisialta a dhéanamh, m.sh. beannú do dhuine, slán a fhágáil, cead a iarraidh, buíochas a thabhairt, leithscéal a ghabháil srl.
- Cuirtear treoir chinnte agus oiliúint chuimsitheach maidir le measúnú ar fáil do na scrúdaitheoirí a bhíonn i mbun na scrúduithe cainte.